Dearcaḋ an Óige fa'n Ġaeltaċt

An Dara Cuid de Léaċt Uí Ġaḋra i gCorcaiġ

Níl na saineolaiṫe agus na teangeolaiṫe i dtíorṫa Ceilteaċ eile sásta go ḃfuil ag éirí leis an Stát in aṫḃeoċaint na Gaeilge, agus tá eagla orṫa go gceapfa daoine anseo naċ gá an Ġaeltaċt a tuilleaḋ in aon iarraċt aṫḃeoċána.

Ceistíonn an tUasal Ó Gaḋra, cé'n fáṫ ar ṁair an Ġaeilge ins na ceantair a dtugaimíd "Gaeltaċt" orṫa. Aċ' b'ḟéidir gur ḃfurasta an ċeist sin a réiteaċ aċ ceist a ċur—cé'n fáṫ gur ṁeaṫ an Ġaeilge ins na ceantair Galltaċta?

CONAMARA

Is í Gaeltaċt Ċonamara an Ġaeltaċt is táḃaċtaí sa tír, dar leis. Níl sé aċ beagáinín níos lú ó ṫaoḃ fairsinge agus daonra ḋé na Gaeltaċt Ṫírċonaill; í suiṫe gar do lár na tíre agus tá sí iontaċ gar do Ċaṫair na Gaillime. Cúis iontais é gur ṁair an teanga ċomgar sin do ċaṫair cuiḃseaċ táḃaċtaċ, agus ní féidir liom aon ṁíniú sásúil a ṫaḃairt air. Ceistníonn sé an raiḃ aon ḃaint ag priṫ-ċur an Árd-Easpaig Ṁic Éil, i gcoinniḃ na scoileanna náisiúnta, leis an scéal. Agus measann sé go raiḃ an dlúṫas daonra ina ṫacaí ṁór don teanga ins na fiċidí nó triocadaí ar aon nós.

POBAL DLÚṪ

Sé bliana ó ṡin, ċruṫaiġ an Páipéar seo i ndréaċtanna speisialta, gur mar sin a ḃí, agus go raiḃ, ag an am sin. an líon páistí ins na scoltaċa ag dul suas i gcás scoltaċa trí-oidí nó ceiṫre-oidí aċ ag dul síos ins na scoltaċa eile. Sé sin, go raiḃ seans éigin gur a' méadú a ḃí an daonra in áiteaċa mar an Ċeaṫrú Rua agus Gaoṫ Doḃair, an áit a raiḃ dlúṫas mór pobal la ċéile. Ar ndóiġe, níor ṫug an Rialtas ná Aire na Gaeltaċta aon áird ar a leiṫéid sin, rud is léir ón plean atá acu do ḟeirmeaċa de 45 acra san Iarṫar.

RUD BEO NADÚRṪA

Ag aṫ-ḃreiṫniú ar an méid sin, deir Ó Gaḋra, "Sé an ceaċt is táḃaċtaí atá le foglaim as dár liom. ná gur rud beo nádúrṫa í an Ġaeltaċt, atá ag fáil ḃáis toisc toscaí áiriṫe a ḃeiṫ ag oiḃriú ina ċoinne, aċ rud is féidir linn a sáḃáil aċ cur ċuige." Cé gur ag cúlú don ċuid is mó atá an Ġaeltaċt ó 1922 measann sé go ḃfuil feaḃas tagaiṫe ar ċúrsaí i gCorca Duiḃne, ná mar a ḃí sí daċad bliain ó ṡin. Aċ, ós a ċoinne sin, go ḃfuil áiteaċa mar deiscirt Ṫírċonaill, imiṫe i léig ar fad. Faoi seo deir sé:

> **"Ní mór an ċaḃair í monarcan Ġleanncolmcille do Ġaeilge na h-áite, ċom fada agus is féidir liom a ḋéanaṁ amaċ."**

NÍ FÉIDIR

Seo mar atá sé faoi ceist eile. "An féidir an Ġaeilge a aṫḃeoċaint gan an Ġaeltaċt? An féidir an teanga a sáḃáil i mḂaile Áṫa Cliaṫ uaiḋ féin? Dar liom féin. ní féidir. Go h-áiriṫe nuair a smaointear ar an sain-ṁíniú a ṫug mé ar an Ġaeltaċt níos luaiṫe."

Tagraíonn sé den aigneas a ḃí idir Donnċaḋa Ó Súilleaḃáin, Ard Rúnaí, Ċonraḋ na Gaeilge, a ṁeas gur leor teaġlaiġ i mḂaile Áṫa Cliaṫ, in ionad na Gaeltaċta feasta, agus Máirtín ÓCaḋain. Measann Ó Gaḋra gurḃ é an rud a ḃí i gceist ag Ó Súilleaḃáin naċ ḃfuil aon toḋċaí ṁóḋán don Ġaeltaċt stairiúil muna dtugtar faoi coilínteaċtaí Gaeltaċta a ḃunú i gcaṫraċa na hÉireann go lua.

> **Aċ measann Ó Gaḋra naċ féidir a ḃeiṫ failliḋċ ins na Gaeltaċtaí stairiúla mar is ansin aṁáin atá traidisiún laḃarṫa ḋá ṁíle bliain na Gaeilge, gan briseaḋ. Agus cuiṁníonn sé gurḃ é aiḋm an Ċonraḋ an ċéad lá riaṁ ná an Ġaeilge a ċoiméad beo i mbéalaiḃ na ndaoine, agus níl an Ġaeilge beo i mbéal na ndaoine lá agus oíċe aċ aṁáin sa nGaeltaċt.**

Glacann sé le naṫan atá ag luċt aṫḃeoċana go minic anois naċ leanfaiḋ an Ġaeltaċt a' laḃairt na Gaeilge muna ḃfuil ḟios acu go ḃfuil an tír a' ḃraṫ an Ġaeilge a ṫaḃairt arais. Níl iomlán na fírinne ansin ċor ar biṫ. Ní leanfaiḋ an Ġaeltaċt a' laḃairt Gaeilge lena gclann muna ḃfuil ḟios acu go mbeiḋ beaṫa le fáil acu insan Ġaeltaċt. nó ar a laġad, tré ṁeán na Gaeilge in Éirinn.

EASḂA POLASAÍ

Ní raiḃ polasaí oifigiúil i leiṫ na Gaeltaċta ariaṁ sásúil, agus níl fós, adeir sé. Dá ndéantaí beartas láidir daingean leanúnaċ, nuair a bunaíoḋ an Stát, nó taréis foilsiú tuarascáil Ċoimisiún na Gaeltaċta, seans go mbeaḋ toraḋ maiṫ ar an obair. Aċ ní raiḃ aon ṗleanáil nó dian staidéar ar an ḟaiḋḃ, agus tá an Ġaeltaċt in ísle brí go mór inniu dá ḃárr. Níos measa ná sin tá an Ġaeltaċt ċom lag sin anois, agus tá an oiread sin mí-ṁuinín ag pobal na Gaeltaċta as beartas oifigiúil faoi seo, go ḃfuil an baol ann go ndéanfaiḋ í scrios ar fad, má ġlacfar le cuid de na scéimeanna atá dá molaḋ don Ġaeltaċt ag daoine áiṫrid le déanaí.

> **Aċ, má tá an ḃeoċt ag imeaċt as an teanga i gceantair sa Ġaeltaċt, sé an fáṫ bunúsaċ leis ná go ḃfuil an óige imiṫe ón áit. Agus sin an fáṫ gur bríoṁaire an téarmaíoċt atá ḋá ċumaḋ ag pobal Gaeilge Sasana san lá atá inniu ann, ná mar atá ḋá ċumaḋ i nGaeltaċt stairúil ar biṫ.**

UISCE FÉ ṪALAṀ

Deir sé go ḃfuil an iomad uisce-faoi-ṫalaṁ agus mí-ṁacántaċt ag baint le limistéirí na Gaeltaċta oifigiúla, agus ní ḃeaḋ sé sásta glacaḋ le 80 p.c. den ṗobal a ḃeiṫ ina nGaeilgeoirí muna mbeaḋ gná ṡeirḃísí, siopaí, cúnaṁ spioradálta, doċtúir agus eile ar fáil i nGaeilge, sara nglaofaí fíor-Ġaeltaċt ar an áit. Agus ceistníonn sé cé méid de Ġaeltaċt an Ṗáipéar Ḃáin a ṡeasfaḋ scrúdú faoi na coinníollaċa ṫuas.

Ag scrúdú na limistéirí Gaeltaċta de, níor ṁisce a ċuiṁniú go ḃfuil roinnt maiṫ ceantar i Muiġeo Ṫuaiḋ, cur i gcás, agus i gcúpla áit eile a ċaiṫfiḋ ḟágáil amuiġ as ar fad, toisc naċ mbeaḋ Gaeilge ó ḋúċais ag 80 p.c. de na daoine, agus go gcaiṫfí ionroinnt a ḋéanaṁ ar na ceantair eile de réir mar ḃí an Ġaeilge mar ġnáṫeanga nó naċ raiḃ.

ṪEIP

Ṫeip ar an Rialtas é seo a ḋéanaṁ 'riaṁ, ar an ábar nár ṫeastaiġ uaṫa é ḋéanaṁ toisc go ḃfuil Roinn na Gaeltaċta freagarṫaċ do ḃrú poiliticiúil rud naċ mbeaḋ bord nó údarás poiblí. Agus freisin, go ḃfuil an Rialtas agus gluaiseaċt na Gaeilge faoi eagla taḃairt faoin ḟírinne lom macánta aċ go gcaiṫfear an fiosrú seo a ḋéanaṁ lua nó mall.

> **Ceistníonn sé mar ṡompla, cé ṁéid páistí i nDún Caoin atá ḋá dtógáil le Gaeilge faoi láṫair? Ḃeaḋ scanall náisiúnta ann dá ndéanfaí iad a ċoṁaireaṁ—adeir sé. Tá ḟios ag an Rialtas go ḃfuil an scéal ċom h-olc agus ċun cáineaḋ a ṡeaċaint, tá siad taréis éirí as aon difríoċt a ḋéanaṁ idir fíor-Ġaeltaċt agus breac-Ġaeltaċt do scéim na £5.**

Ba ċóir iaċall a ċur ar an Rialtas éirí as an bréagnaíoċt seo. Deir sé go ḃfuil ceantair fairsinge Ḃéarla Ḃaile an Daingin, gafa leis an léarscáil mar ċeantar Gaeltaċta. Measann sé go ḃfuil an scéal níos measa fós ós rud é go ḃfuiltear ag iarraiḋ coṁċeangal a ḋéanaṁ idir an Ġaeltaċt agus na ceantair cúnga, agus ceantar na ḃfeilmeaċa beaga Iarṫaraċ anois. Agus gan aon ḃaint ceart eatarṫa.

MAR AONAD

Caiṫfear an Ġaeltaċt a forbairt mar aonad neaṁspléaċ teanga ní mar aonad oiriúnaċ measctа, cé gur ionann an dá rud in ana ċuid cásanna. Muna ḃfuiltear ċun seo a ḋéanaṁ. b'ḟearr leis gan rud ar biṫ a ḋéanaṁ. Tugann sé faoi ndeara an amaidí atá sa Ṗáipéar Ḃán fá áiteaċa istiġ sa Ġaeltaċt nó goirid de, agus gur mar sin atá Gaeltarra Éireann ag obair. Sé fírinne an scéil ná gur ċaḃair mór do scaipeaḋ an Ḃéarla an ċuid dá lár ionaid dá-ṫeangaċa. Measann sé má ċaitear airgead ar an Ġaeltaċt gur ċeart a ċur i dtuiscint ar ṁuintir na Gaeltaċta gur de ḃárr na Gaeilge, toisc gur pobal a laḃraíonn Gaeilge de ġnáċ iad, agus ní aon tosc eile, faoi ndeara a n cúnaṁ. Is léir naċ ḃfuil réiteaċ ag an Rialtas ar scéal na Gaeltaċta, adeir sé.

GAEILGEOIRÍ NA TÍRE

Is trua leis naċ ḃfuil aċ beagán suime ḋá ċur ag Gaeilgeoirí sa scéal agus is baolaċ go ḃfuil cuid de na bun-ṗrionsabail dearmadṫa acu. Caiṫfiḋ muid teaċt amaċ go lom díreaċ agus riaċtanas na Gaeltaċta don aṫḃeoċána a adṁáil, adeir sé.

Arsa Ó Gaḋra arís: "Más fíor gur ḃeag an measa atá ag roinnt áiriṫe de na fir cúise i mḂaile Áṫa Cliaṫ go h-áiriṫe, ar ṗobal na Gaeltaċta. Is fíor leis naċ ḃfuil, nó ar a laġad naċ raiḃ go dtí le déanaí, meas madra ag ana ċuid de ṁuintir na Gaeltaċta ar an gcúis nó ar na fir cúise.

Is maiṫ mar adeir sé.

> **"Sé an bun ṗrionsabail atá i gceist, ná naċ féidir le hÉirinn oiread agus cainteoir dúċais aṁáin eile a ċailleaḋ le h-imirce."**

NA BAILTE

Aċ caiṫfear rud éigin a ḋéanaṁ fána bailte. Ḃí tráṫ ann agus d'ḟéadfaḋ teanga fanaċt slán taoḃ amuiġ de fallaí na mbailte, rud a rinne an Ġaeilge go ceann na gcéadta bliain, aċ san lá atá inniu ann, nuair atá an oiread sin bainṫ ag an Stát agus na h-údarais is rialaċáin le gaċ gné de ṡaol an duine, níl seans dá laġad ag teanga naċ ḃfuil in úsáid go coitianta. i mbailte áiṫrid ar a laġad.

Faoi láṫair, caiṫfear a adṁáil naċ ḃfuil Gaeilge beo in aon ḃaile mór gur fiú tráċt air. Ar fud na Gaeltaċta go léir tá an Ġaeilge go lag ins na sráid bailte mar Ḃaile Ṁúirne agus Baile an Ḟirtéiriġ.

Deir sé go mbeaḋ deacraċtaí practiciúla le bunú monarcan ins na Gaeltaċta.

> **Ní féidir an Ġaeltaċt in aon ċeantar a ṡlánú go cinnte gan féaċaint ċuige go nGaelaítear aon baile mór aṁáin ar a laġad gar dó. Ba ċeart adeir sé, go speisialta na bailte móra in aice na Gaeltaċta a Ġaelú.**

Agus cé gur na bailte sin is measa de ṫairḃe Gaeilge dó, dá mbeaḋ ḟios acu go raḃṫar i ndáiríriḃ leis an aṫḃeoċaint agus go raiḃ praifid le baint as, ní fada go mbeaḋ siad dá nGaelú féin. Ba ċeart suirḃé a ḋéanaṁ orṫa láiṫreaċ, mar is ó na bailte seo a ṫéann tionċar i ḃfeiḋm ar fud na gceantar tuaiṫe mórṫimpeall orṫa. Measann sé gur ṁaiṫ an rud monarcaiṁ a ḃunú ins na bailte seo agus pobal na Gaeltaċta a ḃeiṫ ag fáil obair ionṫu agus naċ gcuirfeaḋ an Galldaċas i leaṫnú na monarcain isteaċ ar an Ġaeltaċt féin.

CAIĠDEAN BEAṪA

Is páistiúil an smaoineaṁ aige é, gur olc an rud barraíoċt airgid a ḃeiṫ a' teaċt isteaċ na Gaeltaċta nó go mbeaḋ siad ar lorg an ḃréag-galántaċt agus ag imeaċt go saol Ḃéarla Ḃaile Áṫa Cliaṫ. Ní misṫe a ċuiṁneaṁ go ḃfuil caiġdéan beaṫa níos airde ná sin ag coiṁlint leis an Ġaeltaċt ċeana, caiġdeán beaṫa na n-oiḃriṫe ceirdiúil i Sasainn. Agus sin an rud a ḟágas airgead insan Ġaeltaċt fá láṫair, agus caiṫfiḋ obair in Éirinn coiṁlint leis sin.

Ag deireaḋ ṫiar, measann sé gur oideaċas an táḃaċtaċ, an rud oideaċas i slánú na Gaeltaċta, agus ar ndóiġe, is fíor dó.

COṀĠÁIRDEAĊAS

Ollscoile mar é a feiceáil ag smaoineaṁ agus ag maċnaṁ ar cúrsaí na Gaeltaċta, agus cé naċ luíonn sé meaċan trom go leor ar an bun rud atá níos táḃaċtaí i ḃfad ná aon rud eile, sin Saoṫrú Seasta, obair lán-aimsireaċ do ṗobal na Gaeltaċta, mar sin ḟéin, tá smaointe fíor ṁaiṫe ann. Agus arís. molaimíd go h-árd é as smaoineaṁ agus maċnaṁ fá cúrsaí na Gaeltaċta. Ní misṫe don Ġaeltaċt a ḃeiṫ a' ḃraṫ níos mó ar na daoine óga atá ag éirí aníos, ná ar na seandaoine cráiṫe go ḃfuil an spreagaḋ brúiṫe asta ag coraiḃ crua an tsaoil. Is maiṫ mar atá smaointe scríofa ag an Uasal Ó Gaḋra, agus tá súil againn gur tugaḋ éisteaċt cúramaċ dó ag pobal óg Ollscoile Ċorcaí.

RADIO SNA ROSA

Sá Dáil, d'ḟiafraiġ Pádraig Ó Doṁnaill den Aire Poist agus Telegrafa, an ḃfuil ḟios aige go ḃfuil éisteaċt radio insan taoḃ ṫiar ṫuaiḋ do Ḋún na nGall agus go speisialta ins na Rosa indiaiḋ a 6 a' ċlog, ċom h-olc, agus naċ ḃfuil aċ an deiċniú cuid den ċlár le cloisint, agus má tá ḟios aige an ḃféaċfaḋ sé ċuige láiṫreaċ le seo a leasú.

D'ḟreagair an tUasal Ó hIlliard, Aire Poist agus Telegrafa go raiḃ ḟios aige naċ raiḃ éisteaċt Radio Éireann ins na ceantair luaiṫe, ró ṡásúil. Mar a fógraíoḋ ċeana, ḃí an t-údarás craolta ag soláṫar seirḃís náisiúnta V.H.F. le deiġleáil leis an ḟaiḋḃ seo, agus ḃí an gleasraí ba ġá ar ordú.

Pádraic Ó Doṁnaill — An ndéarfaiḋ an tAire cé'n uair a ḃfuil sé ag súil le fáil ċom fada le Dún na nGall leis?

An tUasal hIlliard — Is gnó don udarás é.

An tUasal Ó Doṁnaill — Ḋéanfaḋ bruiḋeaḋ ón Aire cúnaṁ.

An tUasal hIlliard — Fuair siad cead dul ar aġaiḋ uainne agus tá na gléasraí ar ordú.

P. Ó Doṁnaill — Sé an rud is cosúil atá ann go ḃfuil roinnt staisiún ón Eoraip ag brú isteaċ ar Radio Éireann insan ċeantar seo, agus níl cuma air gur féidir rud ar biṫ a ḋéanaṁ aċ an tonnfad a aṫrú.

An tUasal hIlliard — Sin gnó eile.

P. Ó Doṁnaill—Tá an tAire ag bailiú ceadúnas óna daoine seo. Mar sin de sé a ḋualgas féaċaint ċuige go ḃfáiġ siad éisteaċt. An dóiġe, go mbeiḋ ḟios acu, muna ḃfeiceann siad minic go leor ar telefís é, céard atá Airí a ḋéanaṁ, agus céard iad na h-imeaċtaí a ḃfuil siad ag freastal orṫa, agus cé'n uair atá siad ag dul ṫar sáile.

An tUasal hIlliard—Tá muid ag déanaṁ ar dtiġ linn.

P. Ó Doṁnaill — An stadfaiḋ tú de ċruinniú táillí ceadúnais go dtí go mbeiḋ éisteaċt ceart le fáil.

An tUasal hIlliard—Ní stadfaimíd.

AR AĠAIḊ

Tá aṁrán iontaċ suimiúl ins an eagrán seo (eagrán Márta) de "Ar Aġaiḋ". Is breá ar fad an riṫim agus gluaiseaċt atá leis. B'ḟiú Ar Aġaiḋ a fáil fá ċoinne an t-aṁrán seo a léaṁ agus ag na ṫaoḃ tá "Seoirse Bingham" ceann a scríoḃaḋ síos ó Seán Eoin Johnnie Ḃriain Brioċain as Port Daraċ, Má Cuilinn daċad bliain ó ṡoin. Tá cuid maiṫ filioċta ins an eagrán céanna ar fiú go maiṫ a léaṁ, giotaí eile speisiúl ann as dialann a scríoḃaḋ ins an Róiṁ i 1922.

AGUS

Leanann AGUS na míosa seo ċaiġdeán ard a bíos acu i gcónaí agus leanann línte ag tarraingt aire na léiṫeoirí uirṫi féin ag fíor ṫús i gcónaí leis an "Cúl Éisteaċt." Dreaċt an deas ag Seán Ó Cearnaiġ ar "an t-Oileán a Tréiġeaḋ." Aċ an píosa is suimiúla ann tá sé ar leaṫanaċ 14 ansin. Tá táillí do na Coláistí Gaeilge, gnáṫ táilí teagaisc a íoctar le Coláistí is cuma cé acu i mḂaile Áṫa Cliaṫ nó an Spidéal, i gCorcaí nó i Ranna Feirste atá siad. Socraíoḋ iad sin ar an scála a ḃí cuí san am in 1946-47 agus íocaḋ an ċéad uair in 1948.

Níor aṫraíoḋ an ráta ó ṡoin agus beasann Rúnaí an Roinn Oideaċais nar ċeart aon ardú ar na táillí sin.

Sa bliain 1948 ba é tuarasdail Rúnaí Roinne £1,775. I mbliana 1964-5 sé tuarasdail Rúnaí £3,780.

I cosúil gur h-ardaíoḋ tuarasdail Rúnaí de £2.005. Ó 1948 go 1964 sin timpeall 112 p.c.

Cé'n fáṫ mar sin nár gá ráta táillí teagaisc na gColáistí Samraiḋ a ardú cor ar biṫ ó 1948 go 1964? Ceist sé ṁarc gan aṁras ar biṫ agus is mór an molaḋ atá ag dul do agus an mí-ċoṫrom a noċtú.

TAOIDE BARRLÁN

Figiúirí fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.

Dáta	Ard Na Caithne		Carna		Ára Mhór	
27-3-65	2.46	15.49	2.03	15.06	00.23	13.00
28	4.02	16.45	3.19	16.02	1.48	14.15
29	4.51	17.24	4.08	16.41	2.47	15.07
30	5.29	17.54	4.46	17.13	3.33	15.50
31	6.03	18.26	5.20	17.43	4.13	16.28
1-4-65	6.35	18.58	5.52	18.15	4.50	17.06
2	7.08	19.29	6.25	18.46	5.26	17.42